## SONRAÍ TEAGMHÁLA

| | |
|---|---|
| **PSNI** | **101** |
| **Seirbhísí Sóisialta**<br>Tá Deoise an Dúin agus Choinnire suite i gceithre cheantar Iontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta | |
| **Iontaobhas Cúraim Shóisialta agus Sláinte Bhéal Feirste**<br>Seirbhísí Gateway do Leanaí | **028 9050 7000** |
| **Iontaobhas Cúraim Shóisialta agus Sláinte an Oirdheiscirt**<br>Seirbhísí Gateway do Leanaí | **0300 1000 300** |
| **Iontaobhas Cúraim Shóisialta agus Sláinte an Deiscirt**<br>Seirbhísí Gateway do Leanaí | **0800 783 7745** (Saorscairt RA) / **028 3756 7100** |
| **Iontaobhas Cúraim Shóisialta agus Sláinte an Tuaiscirt**<br>Seirbhísí Gateway do Leanaí | **0300 1234 333** |
| **Seirbhísí Oibre Sóisialta Éigeandála Réigiúnda Lasmuigh de Ghnáthuaireanta Oibre** (Gach Ceantar Iontaobhais) | **028 9504 9999** |
| **An Oifig Chumhdaigh**<br>**120 Bóthar Cliftonville, BÉAL FEIRSTE, BT14 6LA**<br>Teagmhálaí Ainmnithe<br>**Philip O'Hara** | **028 9049 2798**<br>**office@soddc.org**<br>**07534 992 124**<br>**philip.ohara@soddc.org** |
| **NSPCC Helpline** | **0808 800 5000** |
| **NEXUS Institute**<br>(Comhairleoireacht Mhí-úsáid Ghnéasach TÉ) | **028 9032 6803**<br>**info@nexusinstitute.org** |
| **Towards Healing** Saorghlaoch (UK):<br>(Féadann Gréasán Guthán costas a iarraidh ar ghlaochanna guthán póca – ní bhíonn costas ar scairt ó ghuthán talaimh.) | **0800 0963 315** |
| **An Bord Náisiúnta um Leanaí a Chosaint san Eaglais Chaitliceach in Éirinn**<br>**CEO Teresa Devlin Uas.** | **00 353 1 505 3124**<br>**teresa.devlin@safeguarding.ie** |

© Bhí an t-eolas atá sa doiciméad seo cruinn nuair a foilsíodh é. Déanfar leasaithe/eolas a chur leis de réir a chéile ar shuíomh láithreáin Cumhdach Leanaí **www.downandconnorsafeguarding.com**

Safeguarding Office
CATHOLIC DIOCESE OF DOWN AND CONNOR

# An próiseas má bhíonn buaireamh nó amhras ort nó más maith leat líomhain a dhéanamh faoi mhí-úsáid leanaí.

Safeguarding Office
CATHOLIC DIOCESE OF DOWN AND CONNOR

Is go dáiríre a ghlacann Deoise An Dúin agus Choinnire le gach líomhain, amhras agus buaireamh a bhaineann le mí-úsáid leanaí a chuirtear síos do bhall ar bith den chléir, do bhaill foirne nó d'oibrithe deonacha.

Tá Teagmhálaí Ainmnithe ag an Deoise (TAD) arb é a ról seirbhís a sholáthar le gach líomhain a bhaineann le mí-úsáid leanaí a phróiseáil nuair a chuirtear in iúl don Deoise í.

Mar aosach ar baineadh mí-úsáid asat agus thú óg, nó má bhíonn aon bhuaireamh ort faoi leanbh nó faoi dhuine óg, tá roghanna agat le haird a thabhairt air. Féadtar teagmháil a dhéanamh:

1. **Leis na Péas (PSNI)**
2. **Le Seirbhísí Sóisialta**
3. **Le NSPCC**
4. **Leis an Eaglais, tríd an Teagmhálaí Ainmnithe sa Deoise**

Tá sonraí teagmhála na n-áisíneachtaí thuas ar chúl na bileoige seo.

Má dhéantar teagmháil le Teagmhálaí Ainmnithe na Deoise, glacfar na céimeanna seo:

## 1. Céim a hAon – EOLAS A BHAILIÚ

Is é a dhéanfaidh an Teagmhálaí Ainmnithe:

- An t-eolas is mian leat a thabhairt a bhailiú
- Taifead scríofa a dhéanamh den eolas seo (ní ráiteas foirmiúil é) agus cinnteofar a chruinneas leat.
- A mhíniú duit go gcaithfidh an Teagmhálaí Ainmnithe an t-eolas seo a chur chuig na Péas agus, más gá, chuig na Seirbhísí Sóisialta.

## 2. Céim a Dó – TACAÍOCHT A SHOLÁTHAR

Is é a dhéanfaidh an Teagmhálaí Ainmnithe:

- Tacaíocht a thairiscint ar a n-áirítear:
  - Duine aitheanta a bheidh ina Dhuine Taca (ní hé an Teagmhálaí Ainmnithe a bheidh ann) a chuideoidh agus a chuirfidh comhairle ar fáil faoin phróiseas fiosrúcháin a fhéadann a bheith ann. Cuideoidh an Duine Taca leat teagmháil a dhéanamh le dochtúir ginearálta (GP) más maith leat teacht ar sheirbhísí cuí sa phobal.
  - Comhairleoireacht. Tá conradh ag an Eaglais le "Towards Healing", seirbhís chomhairleoireachta neamhspleách a bhféadann tú féin teagmháil dhíreach a dhéanamh leo (tá na sonraí teagmhála ar chúl na bileoige seo) – is seirbhís faoi rún í.
  - Eolas a sholáthar ar an dóigh le teacht ar eagrais eile a fhéadann an cuidiú atá de dhíth ort a thabhairt, mar shampla, NEXUS (tá na sonraí teagmhála ar chúl na bileoige seo).

## 3. Céim a Trí – CAD A THARLAÍONN ANOIS?

Nuair a chuirtear an t-eolas ar aghaidh chuig PSNI/Seirbhísí Sóisialta, déanfaidh an TAD:

- An tEaspag a chur ar an eolas faoi líomhain a fuarthas agus a mhíniú
- gur cruthaíodh taifead comhaid uirthi.
  Dul i gcomhairle leis na Péas agus/nó leis na Seirbhísí Sóisialta le malartú eolais ábhartha mar is cuí a chinntiú. Ní bhíonn baint ag an
- TAD leis an fhiosrúchán reachtúil ar an chás.
  Teagmháil leis an duine a ndearnadh an líomhain faoi (freagróir). Aontófar an uair a dhéanfar an teagmháil sin leis an fhreagróir, chomh maith le hábhar na teagmhála, i gcomhar leis na Péas. Cuirfear in iúl ar an chruinniú a shocrófar:
  (i) Go ndearnadh líomhain in éadan duine agus má aontaíonn na húdaráis reachtúla é, fuasclófar ainm an té a rinne í.
  (ii) An t-eolas a thabharfar don fhreagróir más toil ar chor ar bith leis na Péas é.

NB: Beidh deacrachtaí ar leith ag baint le líomhaintí ar leith agus féadann an próiseas seo a bheith fada sula gcríochnaítear é.

## Cad atá le déanamh muna mbíonn tú sásta don dóigh ar pléadh le do bhuaireamh/do líomhain?

Má bhíonn tú míshásta faoin dóigh ar pléadh le do bhuaireamh/amhras nó líomhain, tá modh déanta gearáin ag an Deoise sa chás. Is féidir cóip a fháil ón Oifig Chumhdaigh (féach na sonraí teagmhála ar chúl na bileoige seo).

Más amhlaidh go mbíonn tú míshásta go fóill, ar chríochnú don phróiseas, faoin dóigh ar pléadh le do bhuaireamh/amhras nó líomhain, tá gnáthamh déanta gearáin ag an Bhord Náisiúnta um Leanaí a Chosaint san Eaglais Chaitliceach le haird a dhíriú ar a leithéid.